**Preasráiteas**

**Toirmiscthe go dtí** – 14:30 Dé Céadaoin 1 Deireadh Fómhair 2008

**www.logainm.ie**
**Bunachar Logainmneacha na hÉireann seolta ag an Aire Ó Cuív**

Sheol Éamon Ó Cuív, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, suíomh gréasáin nua inniu a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin bailte, sráideanna agus oifigí poist ar fud na tíre ar fáil don phobal.

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca anois trí chuardach a dhéanamh ar www.logainm.ie. Beidh an suíomh ina ábhar spéise, chomh maith, acu siúd ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Is féidir le cuairteoirí ar an suíomh éisteacht le comhaid fuaime logainmneacha áirithe i gContaetha Phort Láirge, na Gaillimhe agus Dhún na nGall. Tá íomhánna scanta de thaifid cartlainne an Bhrainse Logainmneacha ag gabháil le go leor logainmneacha ar www.logainm.ie freisin, mar aon le háis aistriúcháin chun liostaí logainmneacha a thiontú ó theanga go chéile.

Leanfar den obair ar www.logainm.ie agus cuirfear tuilleadh logainmneacha, comhaid fuaime agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh i gcaitheamh 2009-2010.

Tá www.logainm.ie á fhorbairt ag FIONTAR, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá an taithí agus an saineolas teicniúil a chruinnigh Fiontar agus iad ag cruthú www.focal.ie, an suíomh iomráiteach téarmaíochta, curtha chun tairbhe www.logainm.ie agus tá súil acu go mbeidh an rath céanna ar an suíomh nua.

Dúirt an tAire Ó Cuív: "Tá ríméad orm go bhfuil an áis iontach seo ar fáil anois do dhuine ar bith atá ag iarraidh an t-ainm cruinn Gaeilge ar áit ar bith in Éirinn. Is toradh é an suíomh seo ar obair chrua agus taighde dúthrachtach a rinneadh le blianta fada. Le cuidiú na teicneolaíochta nua-aimseartha, tá fáil ag an bpobal ar oidhreacht shaibhir ár muintire agus ar stair chultúrtha na tíre seo láithreach bonn i bhformáid éasca chairdiúil. Tá mé ag súil go mór le bheith ag brabhsáil ar an suíomh mé féin agus molaim an Brainse Logainmneacha agus Fiontar as an éacht seo atá bainte amach acu."

Dúirt Stiúrthóir an tionscadail, An Dr. Caoilfhionn Nic Pháidín: "Cuireann an suíomh seo logainmneacha na hÉireann ar fáil don phobal mór ar bhealach mealltach saoráideach. Nascann www.logainm.ie léann an-ársa le teicneolaíocht nua, ag foilsiú saíocht an-logánta do pobal domhanda. Cuireann an comhoibriú rathúil seo idir Fiontar agus an Brainse Logainmneacha taighde na mblianta chun tairbhe sna meáin chumarsáide agus san oideachas. Féadann úsáideoirí an oidhreacht shaibhir teangeolaíochta agus chultúrtha seo a rochtain 24/7 ar fud an domhain trí fhuaim agus íomhánna ar a gcuid ríomhairí deisce."

**Nóta don Eagarthóir:**

Eolas faoin mBrainse Logainmneacha

Is é príomhchúram an Bhrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, taighde a dhéanamh chun ceartfhoirmeacha Gaeilge logainmneacha na hÉireann a aimsiú agus a fhoilsiú le húsáid go hoifigiúil. Is de réir contae a dhéantar taighde de ghnáth. Chomh maith leis sin, freastalaíonn an Brainse ar riachtanais oifigiúla eile a bhaineann le logainmneacha.

Eolas faoi FIONTAR

Bunaíodh FIONTAR sa bhliain 1993 in DCU mar aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge. Tá ceithre chéim theagasctha faoi chúram FIONTAR faoi láthair agus ceithre thionscadal taighde:

Cláir:

BA Gnó agus Gaeilge
BA Gaeilge agus Iriseoireacht
MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais
MA sa Chleachtas Dátheangach

Tionscadail:
Bunachar Logainmneacha na hÉireann www.logainm.ie
An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta www.focal.ie
LEX – Téarmaí Gaeilge a fhorbairt don Aontas Eorpach agus téarmaí dlí a fhorbairt
Plean 2028 – Straitéis 20 bliain don Ghaeilge

Tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín
www.logainm.ie Stiúrthóir Tionscadal, Fiontar, DCU
01 700 5173/
087 9788704